TREOIR *OIDE*

NUACHTLITIR

DEIREADH FÓMHAIR 2026

TREOIRCHOMHAIRLIÚ: CUR LE CLEACHTAS, AN TODHCHAÍ A CHRUTHÚ



Fáilte mhór roimh Threoirchomhairleoirí, Foirne Treorach Scoile Uile agus Ceannairí Scoile chuig eagrán DHEIREADH FÓMHAIR den Nuachtlitir ó Threoir *Oide*.

AN SCÉAL IS DÉANAÍ ÓN BHFOIREANN OIDE UM THREOIR

Tá áthas orainn fáilte a chur roimh Joanne Parry chuig a ról nua mar Cheannaire Sinsearach, Oideachas Ionchuimsitheach & Treoir, a bheidh i mbun na Foirne Oide um Threoir in 2026/2027. Tá Niamh Uí Thuama fós ina ról mar Cheannaire Foghlama Gairmiúla agus tháinig Carmel Briody O'Keefe, Carleen Egan agus Rachel McGarrigle san fhoireann mar Cheannairí Foghlama Gairmiúla. Guímid gach rath ar Shinéad Duffy agus í ag dul ina ról nua mar Cheannaire Sinsearach leis an bhFoireann Oide um Thíreolaíocht/ Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe.



Joanne Parry
Ceannaire Sinsearach



Niamh Uí Thuama
Ceannaire Foghlama Gairmiúla



Carmel Briody O'Keefe
Ceannaire Foghlama Gairmiúla



Carleen Egan
Ceannaire Foghlama Gairmiúla



Rachel McGarrigle
Ceannaire Foghlama Gairmiúla

Agus an bhliain acadúil faoi lánseoil anois, tá lúcháir orainn na hacmhainní agus creatlaí is déanaí a roinnt libh. Ceapadh iad d'fhonn tacú le bhur n-obair fhíorthábhachtach chun tacaíocht a thabhairt do scoláirí.

· Ciorclán Nua: 0072/2026 Treoir in Iar-bhunscoileanna.
· Eispéireas Foghlama Gairmiúla atá le Teacht: Treoirchomhairliú ag Leibhéal na Sraithe Sinsearaí.
· Tacaíocht Ionscoile: Bain leas as cabhrú saincheaptha tríd an tairseach Oide le haghaidh Tacaíocht Scoile.
· Foilseachán na Tuarascála Achoimre mar gheall ar an gComhairliúchán Náisiúnta ar Threoir Iar-bhunscoile, agus Caighdeáin agus Cáilíochtaí in Oideachas agus Oiliúint Treoirchomhairleoirí (SQGCET).
· Acmhainní *Oide*: Chun tacú le pleanáil maidir leis an Idirbhliain, an tSraithe Shóisearach, agus sa Scoil uile.
· Treoir ar an gCroíthéarmaíocht: Dul siar ar an teanga agus téarmaíocht is tábhachtaí sa cleachtas treorach.

Oide

EFG Treorach (Eispéaras Foghlama Gairmiúla) 2026/2027



Eispéaras Foghlama Gairmiúla Lánlae, Aghaidh ar Aghaidh ar mhaithe le Treoirchomhairleoirí, (Cnuas)Laethanta Dúnadh Scoile 2026/2027.

Tá **an Fhoireann Oide um Threoir** ag súil go mór le bualadh le Treoirchomhairleoirí le linn ár EFG Treorach 2026/2027

Beidh **tacaíocht** ann san EFG tráthúil sin **do threoirchomhairleoirí** chun na **deiseanna agus dúshláin a thagann chun cinn as Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí** a fhiosrú agus beidh plé ar na himpleachtaí ar **chleachtas treorach.**



Seo an méid atá le déanamh ag rannpháirtithe:

- **scrúdóidh siad na príomhfhorbairtí** in Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí **ó thaobh na treorach de**.
- **fiosróidh siad na himpleachtaí** ar chláir agus ar chleachtas treorach.
- cuimhneoidh siad ar **chonairí agus ar chláir scoláire, roghnú ábhair agus conairí dul chun cinn**, agus an ról atá ag treoir chun tacú le déanamh cinntí feasacha.
- déanfaidh siad a machnamh ar ról na treorach i dtacú le **cumas gníomhúcháin an fhoghlaimeora**, ó **thaobh measúnú sa tSraith Shinsearach agus sa treoir**.
- **roinnfidh siad cleachtas** agus **sainaithneoidh straitéisí** chun tacú le scoláirí agus iad ag déanamh a mbealaigh trí thírdhreach oideachais atá ag athrú.

Beidh deiseanna ann le linn an lae chun **comhrá gairmiúil, comhoibriú**, agus **athmhachnamh praiticiúil** ar an tslí is fearr tacú le scoláirí ina roghanna gairme, oideachais agus sóisialta/pearsanta.



Cuirfear an EFG seo **i bpearsa** ar siúl ag an bhfoireann *Oide* um Threoir **trí mheán an Bhéarla agus na Gaeilge**. Tabharfar **Cuntas Foghlama Gairmiúla** do threoirchomhairleoirí chun tacú lena bhfoghlaim ghairmiúil ar an lá. Cuirfear a thuilleadh acmhainní ar shuíomh gréasáin ***Oide* um Threoir** ar mhaithe le treoirchomhairleoirí chun cabhrú leo ina gcuid cleachtas treorach.

Tá eolas faighte ag scoileanna ó ***Oide*** maidir le **Cnuasábhair** agus Foghlaim Ghairmiúil Múinteoirí go ceann 2026/27. Molaimid do threoirchomhairleoirí a sheiceáil go bhfuil siad **cláraithe** chun freastal ar an **gCnuaslá Treorach**. Táimid ag súil le bheith ag obair leat!

AN DTEASTAÍONN TACAÍOCHT LE HAGHAIDH TREORACH I DO SCOIL?

Is féidir leis an bhfoireann *Oide* um Threoir tacaíocht scoile atá sainiúil do riachtanais agus comhthéacs do scoile a chur ar fáil.

Céim 1

Téigh i gcomhairle le do Phríomhoide maidir le tacaíocht Ionscoile ó thaobh Treorach de.

Céim 2

Sainaithin na riachtanais is mó tosaíocht i do scoil in éineacht le d'Fhoireann Treorach Scoile Uile.

Céim 3


Is féidir le do Phríomhoide iarratas a chur isteach tríd an tairseach DMS *Oide* maidir le Tacaíocht Scoile

Céim 4

Beidh duine i dteagmháil leis an scoil chun na chéad chéimeanna eile a phlé.

TACAÍOCHT SCOILE *OIDE*

TACÚ LE SCOILEANNA TOSAÍOCHTAÍ A SHAINAITHINT, CLEACHTAS A PHLÉ, AGUS NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE A PHLEANÁIL.



COMHAIRLIÚCHÁN NÁISIÚNTA AR THREOIR IAR-BHUNSCOILE TUARASCÁIL ACHOIMRE

I mBealtaine 2026, d'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Óige an Tuarascáil Achoimre a bhaineann leis an gComhairliúchán Náisiúnta ar Threoir Iar-bhunscoile, tar éis plé fairsinge le páirtithe leasmhara thar an bpobal oideachais.

Cliceáil ar an íomhá chun teacht ar an tuairisc; nó scan an cód QR thíos

https://tinyurl.com/35nm2cez



Sa chomhairliú tugadh cuireadh do thuairimí ó scoláirí, tuismitheoirí, treoirchomhairleoirí, foireann scoile, agus ceannairí scoile trí aighneachtaí scríofa, suirbhéanna agus próisis rannpháirtíochta na bpáirtithe leasmhara. Tá foilseachán na tuairisce ag teacht le gealltanas leanúnach an Ionaid Treorach, atá ina chuid den Roinn Oideachais agus Óige, den fhorbairt leanúnach treorach iar-bhunscoile, agus den tábhacht atá le plé le tuairimí na bpáirtithe leasmhara chun cabhrú le bonn eolais a chur faoi bheartas agus faoi chleachtas treorach amach anseo thar scoileanna in Éirinn.

Chun teacht ar an Tuarascáil Achoimre ina hiomláine, iarrtar ort cliceáil ar an íomhá thíos; nó is féidir an cód QR nó TinyURL atá ann a úsáid.

CAIGHDEÁIN AGUS CÁILÍOCHTAÍ IN OIDEACHAS AGUS OILIÚINT TREOIRCHOMHAIRLEOIRÍ (SQGCET)



Is forbairt thábhachtach laistigh den ghairm treoirchomhairlithe in Éirinn é an foilsiú le déanaí den 'Caighdeáin agus Cáilíochtaí in Oideachas agus Oiliúint Treoirchomhairleoirí ' (SQGCET) Leagtar amach sa doiciméad na caighdeáin, inniúlachtaí, agus riachtanais cáilíochta a aontaíodh ar bhonn náisiúnta do threoirchomhairleoirí a bhíonn ag obair thar sheirbhísí treorach faoi théarmaí tagartha na Roinne Oideachais agus Óige agus na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Tá an foilseachán ag teacht leis an gealltanas leanúnach do thacú le cleachtas treorach atá bunaithe ar an ngairm, atá ar ardchaighdeán agus atá eiticiúil, thar an tírdhreach treorach i rith an tsaoil, agus, san am céanna, ag tabhairt aitheantas do ról treoirchomhairleoirí atá ag forbairt agus éirí níos casta laistigh de shuíomhanna oideachasúla comhaimseartha.

Cliceáil ar an íomhá thuas chun teacht ar an nasc; nó scan an cód QR thíos.

https://tinyurl.com/ys5nub47

Oide Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí — Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

TEANGA AGUS TÉARMAÍOCHT I D**TREOIR**

TREOIR

"Is rud iomlánaíoch í treoir. Is é atá i gceist léi forbairt phearsanta agus shóisialta an duine aonair a chomhtháthú isteach in aon fhorbairt oideachais agus gairme, agus pleanáil do chinntí eolacha fiúntacha."
(ROÓ, Ciorclán 72/2026, lgh 10-11)

TREOIRCHOMHAIRLEOIREACHT

"Sainseirbhís fhorbarthach eiticbhunaithe nach soláthraíonn ach treoirchomhairleoir cáilithe í... Tráth ar bith atá treoirchomhairleoir ag obair le duine aonair/grúpa/rang, tá sé/sí ag gabháil do threoirchomhairleoireacht... chun tacú le duine aonair maidir le forbairt oideachais/gairme/shóisialta/phearsanta."
(ROÓ, Ciorclán 72/2026, lch 11)

"Is é atá i gceist le TREOIRCHOMHAIRLEOIREACHT I NDÁIL LE TACAÍOCHT PHEARSANTA/SHÓISIALTA do scoláirí ná leas a bhaint as scileanna treoirchomhairleoireachta chun tacú le scoláire a bhfuil fadhbanna forbartha pearsanta nó sóisialta aige/aici."
(ROÓ, Ciorclán 72/2026, lch 11)

TREOIR SCOILE UILE

"Is é atá i dtreoir scoile uile ná tagairt do chur chuige scoile uile i leith tacú le scoláirí i dtaca lena bhforbairt phearsanta agus shóisialta, lena bhforbairt oideachais agus lena bhforbairt gairme. Aithnítear léi gur féidir le gach ball den fhoireann scoile ról tacaíochta a imirt."
(ROO Nóta Faisnéise TC 01/2024, lch.2)

Cad is Treoir ann?

CLÁR TREORACH SCOILE UILE

"Tá an clár treorach deartha chun freastal ar na riachtanais [riachtanais na scoláirí agus na dtuismitheoirí] trí chur chun feidhme a dhéanamh ar raon eispéireas foghlama a sholáthraítear i seicheamh forbarthach agus lena gcabhraítear le scoláirí forbairt a dhéanamh ar scileanna féinbhainistíochta arb é an toradh a bheidh orthu ná roghanna éifeachtacha agus cinntí éifeachtacha maidir lena saol."
(ROÓ Nóta Faisnéise TC 01/2024, lch.3)

TREOIR AR FEADH AN TSAOIL

"Tacaíonn treoir ar feadh an tsaoil le forbairt phearsanta agus gairme duine ar feadh a shaoil."
(Rialtas na hÉireann, 'An Creat Straitéiseach Náisiúnta um Threoir ar feadh an tSaoil (2024-2030)', lch 21)

FOIREANN TREORACH SCOILE UILE

"Ní ar aon duine amháin ina (h)aonar atá an fhreagracht as an bpleanáil treorach scoile uile nó as an gcleachtas treorach scoile uile in iarbhunscoil. Ina ionad sin, ba cheart d'fhoireann treorach scoile uile tacú le clár treorach scoile uile agus plean treorach scoile uile a phleanáil agus a fhorbairt."
(ROÓ Nóta Faisnéise TC 01/2024, lch.6)

PLEAN TREORACH SCOILE UILE

"Is é is plean treorach ann ná doiciméad cuimsitheach ina dtugtar faisnéis thábhachtach faoi conas a oibríonn treoir scoile uile sa scoil chun freastal ar riachtanais treorach na scoláirí agus a dtuismitheoirí."
(ROÓ Nóta Faisnéise TC 01/2024, lgh.3-4)



Is féidir le Póstaer maidir le 'Teanga agus Téarmaíocht i dTreoir' a fháil faoi Acmhainní Treorach Oide

Oide Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí — Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

*Chuir **Treoir Oide** líon **Eispéiris Foghlama Gairmiúla (EFGanna)** ar siúl le linn na bliana seo caite, agus d'fhorbair **acmhainní** a d'fhéadfadh tacú le do **pleanáil Treorach** féin. Tá siadsan ar fáil ar shuíomh gréasáin Threoir Oide agus tá tugtha anseo*

TREOIR SA TSRAITH SHÓISEARACH

Ó cheardlann a bhí ar siúl ag Comhdháil IGC i mí an Mhárta, tá tacaíochtaí ann do threoirchomhairleoirí chun beartas agus taighde a nascadh le cleachtas, agus smaointe le haghaidh pleanáil treorach sa tSraith Shóisearach.


Sleamhnáin agus pillín acmhainní

TREOIR SA SCOIL UILE AR MHAITHE LE CEANNAIRÍ SCOILE SINSEARACHA


EFG do Cheannairí Scoile maidir le treoir sa scoil uile, ach pointe tagartha áisiúil do threoirchomhairleoirí agus d'fhoirne treorach scoile uile.


EFG taifeadta, sleamhnáin agus pillín.





Tacaíochtaí le haghaidh Pleanáil Treorach







TREOIR SAN IDIRBHLIAIN


EFG taifeadta, a bhfuil sleamhnáin, pillín agus acmhainní leis.

SUIRBHÉANNA TREORACH SCOILE UILE SAMPLACHA LE HAGHAIDH NA SRAITHE SÓISEARAÍ

Suirbhé samplach do scoláirí na Sraithe Sóisearaí agus suirbhé samplach do thuismitheoirí/caomhnóirí a d'fhéadfadh a bheith ina phointe tagartha le haghaidh pleanáil Treorach Scoile Uile.







TREOIR SA SCOIL UILE

Acmhainní ar an Pillín Treorach Scoile Uile le Treoir Oide, amhail an 'Leidbhileog Phleanála le haghaidh Pleanáil sa Scoil Uile' agus Teimpléad le haghaidh Pleanáil sa Scoil Uile do Rannóga Ábhair.

Oide Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

NEART

Is comhoibriú é Neart, an clár náisiúnta le haghaidh tacaíochtaí agus acmhainní meabhairshláinte d'iar-bunscoileanna, idir Jigsaw – An tIonad Náisiúnta le haghaidh Meabharshláinte – agus an Roinn Oideachais agus Óige / SNSO. Cuireann Neart cnuasach cuimsitheach ábhar atá saor in aisce, bunaithe ar fhianaise, agus a chuireann meabhairshláinte chun cinn ar fáil, arna bhforbartha ag múinteoirí, teiripeoirí saothair agus síceolaithe oideachais agus a bhfuil ionchur ann ó dhaoine óga. Tá sé oiriúnach chun teacht leis an obair a dhéanann Treoirchomhairleoirí gach lá chun tacú le folláine an scoláire. Cuimsítear an méid seo a leanas:

- Seimineáir gréasáin ar mhaithe le foirne scoile a thugann céimeanna praiticiúla inghníomhaithe chun folláine an scoláire a chur chun cinn i do ról. Ar na topaicí, tá tacú le scoláirí chun dul i ngleic le himní, ísle brí agus féindochar, leisce scoile agus seachaint scoile, tacú le scoláirí néara-éagsúla agus a lán topaicí eile nach iad. Is féidir seimineáir ghréasáin a chur in áirithe ar an suíomh Neart agus tá taifeadtaí de sheimineáir ghréasáin roimhe seo ar fáil anseo.
- Comhdhálacha réigiúnacha i bpearsa do bhaill d'Fhoirne Tacaíochta Scoláirí. Comhdháil lánlae i bpearsa do bhaill d'Fhoirne Tacaíochta Scoláirí chun tacú le cur i bhfeidhm éifeachtach cur chun cinn cleachtas meabhairshláinte agus folláine ina gcuid oibre. Oibriú le foirne Jigsaw agus SNSO chun dul ó theoiric go cleachtas trí cheardlanna idirghníomhacha ar Chleachtas Trámathreoraithe i Scoileanna, Úsáid a Bhaint as Guth an Scoláire agus Tacú le Scoláirí Dul i nGleic le hImní. Cláraigh ar LearnUpon a luaithe is is féidir chun díoma a sheachaint (a thuilleadh sonraí thíos):
  - -Déardaoin, 5 Samhain 2026, Baile Átha Cliath (Louis Fitzgerald Hotel, Bóthar an Náis);
  - -Déardaoin, 28 Eanáir 2027, Baile Átha Luain (Radisson Blu Hotel).
- ·Cláir rangbhunaithe do scoláirí faoi stiúir múinteoirí. Bí i measc na scoileanna ar fud na hÉireann atá ag éascú cláir folláine Neart do scoláirí. Tugaimid gach a bhfuil ag teastáil uait chun cláir fhiúntacha fhianaisebhunaithe phraiticiúla a chur i bhfeidhm do scoláirí; ó lámhleabhair múinteora agus sleamhnáin Powerpoint go bileoga shaothair agus teastais scoláire. Tá roinnt cláir 4 seachtaine, agus micreamhodúil do scoláirí Idirbhliana atá níos faide. Tá gach rud ar fáil saor in aisce a luaithe is a chláraíonn tú le Neart ar an ardán Learnupon (a thuilleadh sonraí thíos). Tá ár gClár Oideachais Piara ar fáil ar ncca.ie anseo chomh maith.Pillín Neart (leabharlann acmhainne dhigiteach) Tá an pillín ar fáil saor in aisce do gach foireann scoile, agus tá acmhainní ilmheáin ann ó fhoinsí iontaofa arna mbainistiú ag Jigsaw agus SNSO ar thopaicí folláine tábhachtacha. Tar ar an bPillín Neart anseo.

Chun teacht ar na hacmhainní sin agus a thuilleadh nach iad, iarrtar ort clárú anseo. Nuair a bheidh tú cláraithe, tabharfar cuireadh duit go dtí an t-ardán ríomhfhoghlama LearnUpon, áit ar féidir teacht ar acmhainní agus clárú le himeachtaí atá le teacht. Geobhaidh tú nuachtlitir míosúil Neart ina bhfuil eolas ar imeachtaí atá le teacht agus ar acmhainní atá nuafhoilsithe. Táimid ag súil le bheith ag obair leat chun folláine an scoláire a chur chun cinn.

Neart

Supporting mental health in post-primary schools

JIGSAW Young people's health in mind

An Roinn Oideachais agus Óige Department of Education and Youth

SEACHTAIN FEASACHTA COLÁISTE 2026

Seachtain Feasachta Coláiste College Awareness Week

Tá lúcháir orainn a thabhairt le fios go mbeidh Seachtain Feasachta Coláiste (CAW) ar siúl arís i mbliana ar an 23–29 Samhain 2026. Le linn CAW spreagtar gach foghlaimeoir–ach go háirithe iad siúd atá faoi ghannionadaíocht san ardoideachas—chun fiosrú a dhéanamh ar an iliomad conairí gairme agus oideachais atá ar fail dóibh. Tugann an feachtas deis fhiúntach chun tacú le daoine óga a roghanna todhchaí a fhiosrú.

Más mian le do scoil a bheith páirteach ann i mbliana, iarrtar ort dul i dteagmháil le caw@tcd.ie le haghaidh a thuilleadh eolais agus chun fiafraí faoi mharsantacht CAW. Is féidir leat cuairt a thabhairt ar collegeaware.ie chun lógónna agus acmhainní CAW a íoslódáil agus chun na naisc áisiúla go léir duit agus do do scoláirí a bhrabhsáil.

TAP
Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide
Trinity Access Programmes

https://collegeaware.ie/

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers



TREOIRCHOMHAIRLIÚ: CUR LE CLEACHTAS, AN TODHCHAÍ A CHRUTHÚ

Tá stór acmhainní agus tacaíochtaí atá de shíor ag méadú ar ár **suíomh gréasáin Treorach *Oide***. Coimeád súil ar an suíomh gréasáin le haghaidh na scéalta is déanaí i gcaitheamh na bliana.

Cuirfimid fáilte roimh **do shmaointe maidir le Nuachtlitreacha Treorach *Oide* amach anseo**. Déan an cód QR a scanadh anseo agus líon foirm ghearr chun smaointe ar bith a roinnt linn.

Oide Guidance Newsletter/ Nuachtlitir Treorach Oide

Cláraigh le Oide ar X: **@OidePostPrimary**

De réir mar a shocraíonn treoirchomhairleoirí agus pobail scoile isteach sa bhliain acadúil seo, spreagaimid tú chun aitheantas a thabhairt don méid a dhéanann tú chun tacú le scoláirí agus chun a bhforbairt a chothú. As foghlaim ghairmiúil leanúnach, athmhachnamh ar chleachtas, rannpháirtíocht i bhforbairtí atá ag teacht chun cinn agus as úsáid na n-acmhainní atá ar fáil, táimid fós ag cruthú todhchaí na treorach ar mhaithe lenar scoláirí.

Ní féidir le duine doirteadh ó chupán folamh, mar teastaíonn am le haghaidh na hoibre seo, teastaíonn saothar mothúcháin agus fíorchúram gairmiúil. Spreagaimid treoirchomhairleoirí chun sos a ghlacadh, athmhachnamh a dhéanamh, agus freastal ar a gcuid folláine féin, lena aithint go mbraitheann cleachtas treorach atá ar ardchaighdeáin ar fholláine dóibh siúd a chuireann ar fáil é.

Tá súil againn go raibh léargais phraiticiúla le fáil san eagrán seo, gur chuir sé daoine ar a suaimhneas, agus gur thug fuinneamh athmhúscailte chun tacú le cleachtas agus pleanáil treorach atá eolasach i do chomhthéacs scoile. Táimid ag súil le bheith ag obair in éineacht leat le linn na bliana romhainn.

Foireann *Oide* um Oideachas Ionchuimsitheach agus Treoir,

Joanne, Niamh, Rachel, Carleen & Carmel

